Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**8294/24**

**LIMITE**

**ECOFIN 364**
**UEM 68**
**FIN 314**
**CADREFIN 64**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – Meastóireacht mheán-téarma 2024<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Meastóireacht Mheántéarma 2024 ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) a mhol an Uachtaránacht ar bhonn phlé an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais.

**AN tSAORÁID TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA (STA)**

**MEASTÓIREACHT MHEÁNTÉARMA (2024)**

**[DRÉACHT-]C(H)ONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

PUBLIC

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

1. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI gur fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an mheastóireacht mheán-téarma ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán 2021/241.

2. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról lárnach atá ag STA i gcomhthéacs Next Generation EU i bhfreagairt choiteann, eisceachtúil agus shealadach ar iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta phaindéim COVID-19. AITHNÍONN SÍ an ról atá ag STA maidir le tacú leis an téarnamh eacnamaíoch, athléimneacht agus muinín a fheabhsú, agus maidir le hionchais an mhargaidh a chobhsú.

3. AITHNÍONN SÍ rannchuidiú dearfach STA ar mhaithe leis an aistriú glas, an t-aistriú digiteach agus le tosaíochtaí eile de chuid an Aontais agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an dreasacht chun na moltaí tírshonracha a chur chun feidhme, go háirithe trí dhlús a chur le hathchóirithe struchtúracha. AITHNÍONN SÍ an tsolúbthacht a chuireann STA ar fáil chun freagairt d’imthosca atá ag athrú agus a thábhachtaí atá caibidlí REPowerEU, a cuireadh isteach mar fhreagairt ar an ngéarchéim fuinnimh a d’eascair as fogha gan chúis na Rúise faoin Úcráin agus a cuireadh chun feidhme go tapa.

4. AONTAÍONN SÍ go bhfuil cineál agus uainiú na tuarascála seo ró-luath chun go mbeidh an tuarascáil in ann meastóireacht tionchair iomlán a dhéanamh ar STA, eadhon maidir le hastaíochtaí gas ceaptha teasa, iomaíochas, táirgiúlacht agus fás féideartha, i measc nithe eile. TUGANN SÍ DÁ hAIRE measúnú an Choimisiúin go háirithe na chéad réamhthorthaí tosaigh dearfacha maidir leis an bhfás eacnamaíoch agus leis an athléimneacht, leis an bhfostaíocht agus leis an infheistíocht. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na huirlisí a bheachtú a thuilleadh chun na príomhthionchair mhaicreacnamaíocha a mheas.

5. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil an méadú mór atá ar fáil ó chistiú AE chun tacú le hinfheistíochtaí tríd STA, mar aon le suaití seachtracha, tar éis dúshlán suntasach maidir le hacmhainneacht ionsúcháin a chur ar riaracháin náisiúnta, lena n-áirítear, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an t-ualach mór riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme na Saoráide do na Ballstáit. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, bealaí nithiúla a shainaithint chun an próiseas tuairiscithe a chuíchóiriú, an dúbailt a sheachaint agus an obair riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme na hionstraime a laghdú, faoi chuimsiú Rialachán 2021/241, agus cosaint leordhóthanach leasanna airgeadais an Aontais á háirithiú ag an am céanna.

PUBLIC

7. AITHNÍONN SÍ nádúr nuálach STA mar ionstraim chaiteachais feidhmíochtbhunaithe. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé d'aidhm ag STA an úinéireacht náisiúnta a neartú agus go ndírítear ar sheachadadh agus ar chur chun feidhme na hionstraime. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá treoirlínte tráthúla soiléire ón gCoimisiún d'fhonn trédhearcacht agus cóir chomhionann a áirithiú i measc na mBallstát.

8. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de cheachtanna a fhoghlaim ó chur chun feidhme chineál feidhmíochtbhunaithe na hionstraime sin.

9. AITHNÍONN SÍ an faireachas iltaobhach críochnúil a rinneadh agus na pleananna agus na hathbhreithnithe á nglacadh agus sa mheasúnú ar iarrataí ar íocaíocht arna gcur isteach ag na Ballstáit. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feabhas a chur ar an bplé teicniúil déthaobhach chun measúnú a dhéanamh ar bhaint amach na ngarspriocanna agus na spriocanna, rud a d'fhágfadh go mbeidís níos intuartha agus níos éifeachtúla.

10. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngarspriocanna agus na spriocanna i gcomhréir le ceanglais Rialachán 2021/241 agus le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar bhealaí chun an leas is fearr a bhaint as an tsolúbthacht atá ar fáil i dtreoir an Choimisiúin, laistigh de theorainn an Rialacháin agus na gCinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

11. AITHNÍONN SÍ na ceanglais iniúchóireachta agus rialaithe, ceanglais atá ann chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus IARRANN SÍ ar na húdaráis iniúchóireachta ábhartha comhchuibhiú agus comhréireacht a áirithiú i gcleachtais iniúchóireachta agus forluí nach bhfuil gá leo a sheachaint, trí chomhordú níos láidre, maidir le rialú ar bhaint amach garspriocanna agus spriocanna.

12. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil cur i gcrích tapa na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe faoi mhí Lúnasa 2026 ríthábhachtach do chur chun feidhme na Saoráide go hiomlán. TÁ SÍ AG SÚIL leis an meastóireacht chríochnaitheach ar STA, dá bhforáiltear in Rialachán 2021/241 in 2028, chun tionchar iomlán STA a mheas.

PUBLIC